# 'Faoiseamh' - Spats Colombo

## *Liricí*

Míle is céad cara a'm anocht
Ina dhiaidh sin féin tá mé i m'aonar
Ag éisteachtleis na glórtha i mo cheann
Brú an cnaipe 's múch na smaointí síoraí

Focail caite, Seans caillte
Anonn 's anall arís arís eile
An chaint ina chiorcal i mo cheann
Sioscarnach dorcha na hoíche

Chorus:
Níl fhios ad' cé thú fhéin níos mó
Ná níl fhios ad' cá'il tú ag dul amú
Ag ligint ort go bhfuil tú ar do sháimhín só
Nuair nach bhfuil uait ach beagáinín
Faoiseamh
Faoiseamh

Trom, trom, trom, tromluí orm
Tuirseach, tinn den torann i mo chloigeann
Cnag im cheann–ná bí beag beann
Ó faraor géar...táim sáinnithe ann

Dubh, dubh, dubh, dúch orm
Níl an milleán ortsa nár thug tú slán mé
Cén chaoi a dtuigfeadh tú mo chás
Nuair nár thuig mé fhéin ach glaoch an bháis.

## Pointí Spéise

- Is amhrán beoga é Faoiseamh a bhfuil séis cheoil láidir agus blas ska go smior ann.
- Is comhrá inmheánach é an t-amhrán seo.
- Baineann sé go mór le fadhbanna shaol an lae inniu.
- Déantar athrá ar na liricí simplí san amhrán chun teachtaireacht a chur in iúl.
- Is é uaigneas príomhthéama an amhráin seo.
- Tá rithim bhríomhar ann ach pléitear ábhar dorcha.
- Is é duairceas an mothúchán is láidre san amhrán.

# Obair Ranga

An dtaitníonn an ceol leat? Cén sórt ceoil é?

An dtaitníonn na liricí leat? Cén fáth? Cad é an líne nó an véarsa is fearr leat?

Cén sórt mothúcháin atá le brath san amhrán seo? Déan plé ar do fhreagra.